



AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA

## IARRATAS AR CHEADÚ A FHÁIL MAR SHOLÁTHRAÍ SEIRBHÍSÍ AR AN TALAMH NÓ MAR SHOLÁTHRAÍ FÉINSEIRBHÍSÍ

### NÓTA TÁBHACHTACH:

Léigh *“Nóta Treorach an Choimisiúin maidir le hiarratas a dhéanamh ar Cheadú do Sheirbhísí ar an Talamh”* roimh an t-iarratas seo a chomhlánú.

Ba cheart an fhoirm iarratais seo a chomhlánú ina hiomláine agus níor cheart aon cheist a fhágáil gan fhreagra. Más gá, luaigh “neamhbhainteach”, “ceann ar bith” srl.

Ní mór an táille iarratais €1,826 a chur leis an bhfoirm chomhlánaithe agus í a sheoladh ar ais chuig:

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta,

3ú hUrlár,

Teach Alexandra,

Ardán Phort an Iarla,

Baile Átha Cliath 2.

Teil: +353 | 661 | 700

Facs: +353 | 661 | 269

R-phost: [groundhandling@aviationreg.ie](mailto:groundhandling@aviationreg.ie)

Ba cheart iarratais a dhéanamh don Choimisiún sula gcuirtear tús leis na hoibríochtaí (dhá sheachtain roimh ré ar a laghad); tá sé tábhachtach go mbeadh a dhóthain ama ag an gCoimisiún an t-iarratas a scrúdú.

Chomh maith le Deonú Ceadaithe a fháil ón gCoimisiún, ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais shonracha chomhlacht bainistithe an aerfoirt san aerfort ábhartha a bhfuil sé i gceist acu gníomhaíochtaí ar an talamh a chur ar bun. Ní mór Foirm Riachtanais Seirbhísí ar an Talamh a chomhlánú agus a chur isteach chuig an gcomhlacht bainistithe aerfoirt ábhartha. Tugtar liosta d'aonaid Sheirbhísí ar an Talamh in Aerfoirt Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus na Sionainne sa Nóta Treorach, chomh maith le naisc chuig doiciméid ábhartha.

Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go gcuirfí an Coimisiún scéala chuig an gcomhlacht bainistithe aerfoirt nuair a fhaigean sé iarratas iomlán agus cuirfidh sé faisnéis áirithe atá san iarratas sin ar aghaidh chuig an gcomhlacht bainistithe aerfoirt mar eolas dóibh.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, 3ú hUrlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teileafón: +353 | 661 | 700. Facs: +353 | 661 | 269. Suíomh Gréasáin: [www.aviationreg.ie](http://www.aviationreg.ie) R-phost: [info@aviationreg.ie](mailto:info@aviationreg.ie)



## AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA

# IARRATAS AR CHEADÚ A FHÁIL MAR SHOLÁTHRAÍ SEIRBHÍSÍ AR AN TALAMH NÓ MAR SHOLÁTHRAÍ FÉINSEIRBHÍSÍ

Ainm an Iarratasóra:

Ainmneacha Gnó nó Trádála:

Seoladh Oifige Cláraithe:

Seoladh Oifige an Ghnó:

Ainm Teagmhálaí:

Teil:

R-phost:

á iarraidh leis seo ceadú le bheith i mbun gnó mar sholáthraí seirbhísí ar an talamh nó mar sholáthraí féinseirbhísí, mar a shainítear in I.R. Uimh. 505 de 1998. Déanaimse, an duine thíos-sínithe, a dhearbhú go bhfuil, ar feadh m'eolais agus mo thuairime, na sonraí a tugadh fíor agus iomlán.<sup>1</sup>

Sínithe:

Post:<sup>2</sup>

Dáta:

**Priontáil agus sínigh an leathnach seo le do thoil agus cuir cóip scanta i gceangal anseo:**

**CUIR I GCEANGAL**

- 1 N.B. Moltar d'iarratasóirí a bheith an-chúramach go bhfuil na sonraí ar fad a thugtar suas chun dáta.*
- 2 Ní mór, más trádálaí aonair atá i gceist, go síneadh an trádálaí aonair an fhoirm seo, nó más comhpháirtíocht atá i gceist go síneadh gach páirtí den chomhpháirtíocht í nó más cuideachta atá i gceist go síneadh Rúnai na Cuideachta nó Stiúrthóir í.*

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, 3ú hUrlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, Éire.  
Teileafón: **+353 1 6611700**. Facs: **+353 1 6611269**. Suíomh Gréasáin: [www.aviationreg.ie](http://www.aviationreg.ie) R-phost: [info@aviationreg.ie](mailto:info@aviationreg.ie)



## MÍR I – ÚINÉIREACTH & RIALÚ AN GHNÓ

Luaigh cibé an trádálaí aonair, comhpháirtíocht nó cuideachta a corpraíodh faoi Acht na gCuideachtaí 2014 an t-iarratasóir.

- (I) Más trádálaí aonair an t-iarratasóir, ba cheart ainm iomlán agus seoladh gnó an iarratasóra a lua ar leathanach a dó den fhoirm.
- (II) Más comhpháirtíocht an t-iarratasóir, ba cheart ainm iomlán gach páirtí agus seoladh gnó na comhpháirtíochta a lua ar leathanach a dó den fhoirm.
- (III) Más cuideachta a corpraíodh faoi Acht na gCuideachtaí 2014 an t-iarratasóir nó más cuideachta a corpraíodh faoi dhlíthe stáit eile é, déan taifead de na rudaí seo a leanas agus cuir i gceangal iad:

a) **Ainm Rúnaí na Cuideachta:**

b) Cuir sonraí faoi ainmneacha iomlána agus seoltaí cónaithe príobháideacha gach ball de Bhord na Stiúrthóirí i gceangal le do thoil

c) Cé hiad na daoine nó na heintitis a rialaíonn an chuideachta go réadach nó go héifeachtach, is é sin le rá úinéirí tairbhiúla na cuideachta.

**Ainm Úinéirí na Cuideachta:**

d) Sonraigh le do thoil méid an scairchaipitil údaraithe

e) Sonraigh le do thoil méid an scairchaipitil eisithe

f) An cuideachta sealbhaíochta d'aon chuideachta nó cuideachtaí eile an chuideachta iarrthach? Tá Níl  
Más amhlaidh gurb ea, cuir na sonraí iomlána i gceangal

g) An fochuideachta do chuideachta eile an chuideachta iarrthach? Tá Níl  
Más amhlaidh gurb ea, cuir na sonraí iomlána i gceangal

**Nóta:** Más é “Tá” an freagra a thugtar ar (III) (f) nó (III) (g), féadfar aon sonraí a iarrtar ar an iarratasóir a iarraidh freisin ar aon chuideachta nó cuideachtaí eile lena mbaineann, nó ar aon ghúpa chuideachtaí i gcoitinne.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, 3ú hUrlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, Éire.  
Teileafón: **+353 1 6611700**. Facs: **+353 1 6611269**. Suíomh Gréasáin: [www.aviationreg.ie](http://www.aviationreg.ie) R-phost: [info@aviationreg.ie](mailto:info@aviationreg.ie)



## Doiciméid a chur i gceangal

Ní mór na doiciméid dhlíthiúla seo a leanas a chur i gceangal leis an iarratas:

- i. Bunreacht na Cuideachta
- ii. Deimhniú Corpraithe
- iii. Deimhniú Cláraithe

CUIR I GCEANGAL

CUIR I GCEANGAL

CUIR I GCEANGAL

## MÍR 2 – AN CINEÁL GNÓ

- (I) Luaigh le do thoil má tá ceadú á lorg agat mar:

sholáthraí<sup>3</sup> seirbhísí ar an talamh  
nó  
mar sholáthraí féinseirbhísí

- (II) Léirigh, le do thoil, ar na Sceidil I agus II atá i gceangal, cén catagóirí seirbhísí ar an talamh a bhfuil sé i gceist ag an iarratasóir a sholáthar.

- (III) Sonraigh le do thoil na haerfoirt a bhfuil sé i gceist agat dul i mbun gníomhaíochtaí ar an talamh iontu

Aerfort Bhaile Átha Cliath

Aerfort na Sionainne

Aerfort Chorcaí

- (IV) Deimhnigh le do thoil cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé beartaithe agat fochonraitheoir a úsáid chun aon cheann de na seirbhísí a roghnaíodh thuas a sholáthar. Tá Níl

Más amhlaidh go bhfuil sé sin beartaithe agat, léirigh na gníomhaíochtaí a bheidh i gceist agus ainm an fhochonraitheora a bhfuil sé i gceist agat a úsáid.

<sup>3</sup> De réir Rialachán 7(2) de Rialachán na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar an margadh Seirbhísí ar an Talamh in aerfoirt an Chomhphobail), 1998, caithfidh soláthraithe seirbhísí ar an talamh a bheith bunaithe sa Chomhphobal Eorpach.



## MÍR 3 – CUNTAIS BHLIANTÚLA

Soláthraigh cuntais bhliantúla iniúchta don dhá bhliain airgeadais is déanaí (más infheidhme).

CUIR I GCEANGAL

## MÍR 4 – PLEAN GNÓ

**Nóta:** Ní gá ach ag iarratasóirí atá ag lorg ceadaithe mar sholáthraí seirbhísí ar an talamh an Mhír seo a chomhlánú.

- (I) Tabhair plean gnó don chéad dhá bhliain oibríochta. Ba cheart na sonraí a leagtar amach sa Nóta Treorach a chur san áireamh sa phlean gnó:

CUIR I GCEANGAL

## MÍR 5 – ACMHAINNÍ AIRGEADAIS

**Nóta:** Ní gá ach ag iarratasóirí atá ag lorg ceadaithe mar sholáthraí féinseirbhísí an mhír seo a chomhlánú.

- (I) Cuir i gceangal cóip de Cheadúnas Oibríochta an iarratasóra agus den Teastas Aeroibreora nó cóip de Cheadúnais Idirnáisiúnta chomhionanna chuí.

CUIR I GCEANGAL

- (II) D'fhéadfaí faisnéis bhreise a iarraidh chun acmhainní airgeadais an tsoláthraí féinseirbhísí a bhunú ar mhaithe le slándáil agus sábháilteacht suiteálacha, aerárthach, trealamh agus daoine a chinntiú. Más gá é sin a dhéanamh, cuirfear in iúl é don iarratasóir.



## MÍR 6 – TAITHÍ SEIRBHÍSÍ AR AN TALAMH A SHOLÁTHAR

I gcás ina raibh taithí roimhe seo ag an iarratasóir mar sholáthraí seirbhísí ar an talamh nó mar sholáthraí féinseirbhíse, cuir i gceangal le do thoil:

- (I) sonraí maidir leis an Stát/na Stáit agus leis an aerfort/na haerfoirt a bhí i gceist, ag léiriú cibé an bhfuil ceadúnas ag an iarratasóir nó an raibh ceadúnas, teastas, ceadú nó údarú aige ó údarás inniúil náisiúnta de chuid an Stáit/na Stát sin. Tabhair sonraí teagmhála den údarás ceadúnaithe sa chás ina mbeadh teistiméireacht ag teastáil ón gCoimisiún:

CUIR I GCEANGAL

- (II) an cineál gníomhaíochtaí ar an talamh agus an méid ama a rabhthas i mbun a leithéid de ghníomhaíochtaí.

CUIR I GCEANGAL

## MÍR 7 – INNIÚLACHT THEICNIÚIL

Cuir i gceangal thíos na nithe liostaithe faoi “Inniúlacht Theicniúil” sa Nóta Treorach:

- (I) liosta de threalamh a bheidh ar fáil ag an iarratasóir agus ráiteas faoi pholasaí an iarratasóra maidir le nósanna imeachta oibríochta agus cothabhála a úsáidfear i leith an trealaimh sin.

CUIR I GCEANGAL

- (II) ráiteas maidir leis an bhfoireann a bheidh ar fáil ag an iarratasóir, a róil agus an clároiliúna a chuirfear ar fáil i leith gach ceann de na róil sin.

CUIR I GCEANGAL

- (III) ráiteas sínithe (ar pháipéar sainchlóite na cuideachta) a dhearbhaíonn “nach bhfostóidh an chuideachta aon duine mura gcuireann siad i gcrích an oiliúint ábhartha a bhaineann lena ndualgais.”

CUIR I GCEANGAL

- (IV) sonraí a éilítear maidir le baill shinsearacha den fhoireann bhainistíochta agus cóip de Chairt Eagraíochtúil na cuideachta.

CUIR I GCEANGAL

- (V) cóip de do Ráiteas Sábháilteachta, lena n-áirítear na measúnuithe riosca cuí, arna n-ullmhú faoi bhun an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

CUIR I GCEANGAL

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, 3ú hUrlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, Éire.  
Teileafón: +353 | 6611700. Facs: +353 | 6611269. Suíomh Gréasáin: [www.aviationreg.ie](http://www.aviationreg.ie) R-phost: [info@aviationreg.ie](mailto:info@aviationreg.ie)





## MÍR 8 – ÁRACHAS

Iarr ar d'árachóir le do thoil **Foirm Dearbhaithe Árachais** an Choimisiúin a chomhlánú agus cuir an fhoirm chomhlánaithe i gceangal anseo:

CUIR I GCEANGAL

## MÍR 9 – REACHTAÍOCHT SHÓISIALTA

Cuir gealltanais sínithe i gceangal a gheallann, i dtaobh a fhostaithe, go gcomhlíonfaidh an t-iarratasóir riachtanais na reachtaíochta (arna leasú) atá leagtha amach i Sceideal III atá ceangailte leis seo.

CUIR I GCEANGAL

## MÍR 10 – FAISNÉIS EILE

Sonraí teagmhála don duine ábhartha i do chuideachta a dhéanfaidh idirghabháil leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta i gcás éigeandála.

Má fhostaíonn tú fochonraitheoir do sholáthar aon tseirbhís ar an talamh, beidh sonraí teagmhála éigeandála ag teastáil uainn don chuideachta/do na chuideachtaí sin freisin

Ainm agus seoladh iniúchóir/chuntasóir an iarratasóra

Ainm agus seoladh an árachóra atá á mholadh ag an iarratasóir

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, 3ú hUrlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, Éire.  
Teileafón: **+353 1 6611700**. Facs: **+353 1 6611269**. Suíomh Gréasáin: [www.aviationreg.ie](http://www.aviationreg.ie) R-phost: [info@aviationreg.ie](mailto:info@aviationreg.ie)



## MÍR 11 – TÁILLE

Tabhair faoi deara le do thoil go mbíonn táille iarratais le híoc d'iarratais ar cheaduithe seirbhísí ar an talamh: Táille iarratais €1,826

### Modhanna Íocaíochta

Ba cheart na táillí iarratais a íoc ag an am céanna a bhfuil d'iarratas á dhéanamh agat trí Ríomhaistriú Airgid (RAA) a dhéanamh chuig cuntas bainc an Choimisiúin. Seo a leanas na sonraí Cuntais Bainc:

Banc: **Banc na hÉireann, 2 Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2.**  
Ainm an Chuntais: **An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta**  
Uimhir an Chuntais: **19410683**  
Cód sórtála: **90-00-17**  
IBAN: **IE91 BOFI 9000 1719 4106 83**  
BIC: **BOFIE2D**

**Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon táille a íoctar maidir le hiarratais seirbhísí ar an talamh in-aisíochta.**

*Tabhair faoi deara go ndéanfar táillí atá infheidhme do Sheirbhísí ar an Talamh a choigeartú gach bliain de réir athraithe a tharlaíonn don Phraghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI).*

Tá na sonraí faoi struchtúr táillí maidir le Seirbhísí ar an Talamh ar fáil sa *Nóta Treorach maidir le hiarratas a dhéanamh ar Cheadú Seirbhísí ar an Talamh* agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin:

<https://www.aviationreg.ie>





## SCEIDEAL I

Cuir tic sa bhosca ábhartha maidir le gach fochatagóir ar leith.

### 1. Riarachán agus Maoirseacht ar an Talamh

Féinseirbhísí **Láimhseáil  
Triú  
Páirtí**

- 1.1 Seirbhísí ionadaithe agus teagmhála le húdaráis áitiúla nó le haon eintiteas eile, iocaíochtaí thar ceann úsáideoirí aerfoirt agus cur ar fáil spás oifige dá n-ionadaithe.
- 1.2 Rialú ualaigh, cur teachtaireachtaí agus teileachumarsáid.
- 1.3 Láimhseáil, stóráil agus riarachán gaireas aonad-ualaigh.
- 1.4 Aon seirbhís mhaoirseachta roimh, le linn nó tar éis na heitilte agus aon tseirbhís riaracháin a éilíonn an úsáideoir aerfoirt, seachas iad siúd atá leagtha amach in 1.1, 1.2 and 1.3.

### 2. Láimhseáil Paisinéirí

- 2.1 Aon chineál cabhrach do phaisinéirí atá ag teacht, ag imeacht, ag aistriú nó ar idirthuras lena n-áirítear ticéid agus doiciméid taistil a sheiceáil, bagáiste a chlárú agus é a iompar go dtí an limistéar sórtála.

### 3. Láimhseáil Lasta agus Poist

- 3.1 Maidir le Lasta: na doiciméid bhainteacha a láimhseáil, nósanna imeachta custaim agus cur i bhfeidhm aon nós imeachta slándála a chomhaontaítear idir na páirtithe nó a bhfuil gá leo sna cúinsí atá ann.
- 3.2 Maidir le Post: na doiciméid bhainteacha a láimhseáil agus cur i bhfeidhm aon nós imeachta slándála a chomhaontaítear idir na páirtithe nó a bhfuil gá leo sna cúinsí atá ann.

### 4. Seirbhísí Aerárthaigh

- 4.1 Glanadh taobh amuigh agus taobh istigh den aerárthach, agus na seirbhísí leithris agus uisce.
- 4.2 Fuarú agus téamh an chabáin, sneachta agus leac oighir a bhaint, dí-oghriú an aerárthaigh.
- 4.3 An cabán a atheagrú le trealamh cabáin oiriúnach agus an trealamh sin a stóráil.

### 5. Cothabháil Aerárthaigh

- 5.1 Gnáthseirbhísí cothabhála a chuirtear i gcrích roimh eitilt.
- 5.2 Seirbhísí cothabhála neamhghnácha a éilíonn an t-úsáideoir aerfoirt.
- 5.3 Soláthar agus riarachán pháirteanna breise agus trealamh oiriúnach.
- 5.4 Iarratas ar nó áirithint do pháirceáil oiriúnach agus/nó spás haingir.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta, 3ú hUrlár, Teach Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, Éire.  
Teleafón: **+353 1 6611700**. Facs: **+353 1 6611269**. Suíomh Gréasáin: [www.aviationreg.ie](http://www.aviationreg.ie) R-phost: [info@aviationreg.ie](mailto:info@aviationreg.ie)



## 6. Oibríochtaí Eitilte agus Riarachán Criúnna

Féinseirbhísí

Láimhseáil  
Tríú  
Páirtí

- 6.1 Ullmhúchán na heitilte ag an aerfort imeachta nó ag aon phointe eile.
- 6.2 Cúnamh eitilte, lena n-áirítear athsheoladh más gá.
- 6.3 Gníomhaíochtaí iar-eitilte.
- 6.4 Riarachán Criúnna.

## 7. Iompar ar an Talamh

- 7.1 Eagrúchán agus cur i gcrích iompair criúnna, paisinéirí, bagáiste, lastais agus poist idir críochfoirt éagsúla san aerfort céanna, ach gan an t-iompar céanna idir an t-aerárthach agus aon phointe eile laistigh de limistéar an aerfoirt chéanna a bheith san áireamh.
- 7.2 Eagrúchán agus cur i gcrích iompair speisialta a éilíonn an t-úsáideoir aerfoirt.

## 8. Seirbhísí Lónadóireachta

- 8.1 Idirghabháil le soláthraithe agus leis an mbainistíocht riaracháin.
- 8.2 Stóráil bhia agus deochanna agus an trealamh a theastaíonn chun iad a ullmhú.
- 8.3 Glanadh an trealaimh a theastaíonn i gcás 8.2.
- 8.4 Ullmhúchán agus seachadadh trealaimh chomh maith le soláthairtí beáir agus bia.



## SCEIDEAL II

Cuir tic sa bhosca ábhartha maidir le gach fochatagóir ar leith.

1. Láimhseáil Bagáiste	Féinseirbhísí Láimhseáil Tríú Páirtí
1.1 Bagáiste a láimhseáil sa limistéar sórtála, é a shórtáil, é a ullmhú le haghaidh imeachta, é a lódáil ar agus a dhílódáil as na gairis a úsáidtear chun é a iompar ón aerárthach chuig an limistéar sórtála nó a mhalairt, chomh maith le bagáiste a iompar ón limistéar sórtála chuig an limistéar athghabhála.	
2. Láimhseáil Lasta agus Poist	
2.1 Láimhseáil fhisiciúil de lasta agus post cibé an lasta nó post isteach, amach nó le haistriú é, idir an críochfort agus an t-aerárthach.	
3. Láimhseáil Rampaí	
3.1 An t-aerárthach a thionlacan ar an talamh agus é ag teacht nó ag imeacht.	
3.2 Cúnamh a thabhairt do pháirceáil aerthárthaigh agus gairis oiriúnacha a chur ar fáil.	
3.3 Cumarsáid idir an t-aerárthach agus an soláthraí seirbhísí taobh an aeir.	
3.4 An t-aerárthach a lódáil agus a dhílódáil, lena n-áirítear soláthar agus oibriú modhanna oiriúnacha chun é sin a dhéanamh, chomh maith le hiompar criúnna agus paisinéirí idir an t-aerárthach agus an críochfort, agus iompar bagáiste idir an t-aerárthach agus an críochfort.	
3.5 Soláthar agus oibriú na n-aonad cuí chun an t-inneall a dhúiseacht.	
3.6 An t-aerárthach a bhogadh agus é ag teacht nó ag imeacht, chomh maith le soláthar agus oibriú feistí oiriúnacha.	
3.7 Iompar agus lódáil bhia agus deochanna ar an aerárthach agus as an aerárthach.	
4. Láimhseáil Breosla agus Ola	
4.1 Eagrúchán agus cur i gcrích oibríochtaí breoslaithe agus díbhreoslaithe, lena n-áirítear stóráil breosla agus rialú de cháilíocht agus de chainníocht na soláthairtí breosla.	
4.2 Ola agus leachtanna eile a athsholáthrú.	



## SCEIDEAL III

Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

Na hAchtanna Caidrimh Thionscail, 1946 go 1990

An tAcht um Laetheanta Saoire (Fostaithe), 1973 go 1991

Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 1991

An tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 1991

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 1993

An tAcht um Chosaint Mháithreachais, 1994

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 1991

An tAcht um Chosaint Oibrithe (Fostaithe Páirtaimseartha Rialta), 1991

An tAcht um Íoc Pá, 1991

An tAcht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994

An tAcht um Shaoire Uchtaíoch, 1995

An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

An tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998